An Roinn Oideachais
Department of Education

# Tuairisceáin ar Imlonnú Acmhainní Teagaisc / Tráthchlár Múinteoirí

## Socruithe don scoilbhliain 2024/2025

27 Lúnasa 2024

A phríomhoide, a chara,

Tabhair faoi deara, le do thoil, go n-iarrtar ar gach iar-bhunscoil sonraí ar imlonnú acmhainní teagaisc nó tráthchlár múinteoirí, a chur chuig an Roinn Oideachais tríd an tairseach Esinet de réir na socruithe atá aontaithe i gcomhairle leis na comhlachtaí bainistíochta iar-bhunscoile agus leis an gCumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha. Is é an dáta deiridh do sholáthar na dtuairisceán seo don scoilbhliain 2024/2025 ná **Dé Déardaoin 26 Meán Fómhair 2024**.

Úsáideann Cigireacht na Roinne na sonraí ar iomlonnú teagaisc le pleanáil Cigireachta a éascú. Is féidir taighde agus anailís staitistiúil a dhéanamh ar na sonraí freisin le húsáid, mar shampla, mar bhonn eolais do thaighde na Roinne ar sholáthar múinteoirí. Déantar na sonraí a phróiseáil de réir reachtaíocht cosaint sonraí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an bhFógra Príobháideacht do thuairisceáin DTR ag: https://www.gov.ie/ga/seirbhis/e7ae7b-none/.

**Bailiú na dTuairisceán ar Imlonnú Acmhainní Teagaisc don scoilbhliain 2024/2025**

Baileofar na tuairisceáin ar imlonnú acmhainní teagaisc (Tráthchlár Múinteoirí) don scoilbhliain 2024/2025 mar is gnách tríd an dtairseach Esinet (www.esinet.ie).

Tá treoirlínte do chomhlánú na dtuairisceán ar fáil freisin ar láithreán gréasáin gov.ie ag: https://www.gov.ie/ga/seirbhis/e7ae7b-none/ . Tá treoracha mionsonraithe ar an láithreán seo maidir le comhlánú na dtuairisceán.

Beifear buíoch díot as na Tuairisceáin ar Imlonnú Acmhainní Teagaisc (Tráthchlár Múinteoirí) a thiomsú agus a sholáthar in am. Féach chuige, le do thoil, go soláthrófar cóip den litir seo don duine atá freagrach as comhlánú na tuairisce.

Le gach dea-ghuí,

Jason Kelly
Príomh-Chigire Cúnta

**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
T +353 90 648 3600 | DE_DTR_Returns@education.gov.ie
www.education.ie